# Dátaí i gcomhair Measúnuithe Rangbhunaithe

Tugadh isteach dhá Mheasúnú Rangbhunaithe do Bhéarla, Eolaíocht agus Staidéar Gnó a thógfaidh ar úsáid an mheasúnaithe fhoirmithigh sa seomra rang agus a chuirfidh leis. Tarlóidh ceann amháin de na Measúnuithe Rangbhunaithe sin sa dara bliain, agus an ceann eile le linn an tríú bliain. Tá gach measúnú bunaithe ar thorthaí foghlama ar leith agus tá rogha de mhodhanna measúnaithe difriúla ann, lena n-áireofaí tionscadail, tascanna teanga ó bhéal, fiosrúcháin, tascanna praiticiúla nó dearadh agus déanamh, staidéir allamuigh agus léiriú ealaíonta. Sa bhliain acadúil seo beidh Measúnuithe Rangbhunaithe le fáil sa Bhéarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Tugtar thíos na dátaí cuí chun na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Tasc Measúnaithe sa Bhéarla a chríochnú.

**BÉARLA**

Ní mór do scoileanna Béarla ceann amháin den dá dheis a thapú le haghaidh a gcuid **Scoláirí Reatha sa Tríú Bliain**
Ionú 1: Geimhreadh – an amlíne a leanann an scoil i gcomhair Bhailiú Théacsanna na Scoláirí agus an Táisc Mheasúnaithe a bhaineann leo do scoláirí i gcohórt 2015 – 2018. Bailiú Théacsanna na Scoláirí agus an Tásc Measúnaithe a Chur i gCrích

| | |
|---|---|
| An dáta is déanaí chun Bailiú Théacsanna na Scoláirí a chur i gcrích | Dé hAoine 15 Nollaig 2017 |
| Ionú chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích | Dé Luain 18 – Dé hAoine 22 Nollaig 2017 |
| An dáta is déanaí ag múinteoirí chun tuairiscíní sealadacha a bhronnadh | Dé hAoine 12 Eanáir 2018 |
| An dáta is déanaí chun Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus chun tuairiscíní deiridh múinteora a bhronnadh | Dé hAoine 19 Eanáir 2018 |

**NÓ**

Ionú 2: Earrach – an amlíne a leanann an scoil i gcomhair Bhailiú Théacsanna na Scoláirí agus an Táisc Mheasúnaithe a bhaineann leo do scoláirí i gcohórt 2015 – 2018 Bailiú Théacsanna na Scoláirí agus an Tásc Measúnaithe a Chur i gCrích

| | |
|---|---|
| An dáta is déanaí ag scoláirí chun Bailiú Théacsanna na Scoláirí a chur i gcrích | Dé hAoine 20 Aibreán 2018 |
| Ionú chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích | Dé Luain 23 – Dé hAoine 27 Aibreán 2018 |
| An dáta is déanaí ag múinteoirí chun tuairiscíní sealadacha a bhronnadh | Dé hAoine 4 Bealtaine 2018 |
| An dáta is déanaí chun Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus chun tuairiscíní deiridh múinteora a bhronnadh | Dé hAoine 11 Bealtaine 2018 |

Measúnú Rangbhunaithe 1 i mBéarla na Sraithe Sóisearaí. An amlíne a leanann an scoil i gcomhair Measúnú Rangbhunaithe Cumarsáid ó Bhéal in 2018 do **Scoláirí Reatha sa Dara Bliain**

| | |
|---|---|
| Tréimhse chun obair a dhéanamh ar an gCumarsáid ó Bhéal agus í a chríochnú | Dé hAoine 27 Aibreán go Dé hAoine 18 Bealtaine, 2018 |
| An dáta is déanaí ag múinteoirí chun tuairiscíní sealadacha a bhronnadh | Dé Céadaoin 23 Bealtaine 2018 |
| An dáta is déanaí chun Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus chun tuairiscíní deiridh múinteora a bhronnadh | Dé hAoine 25 Bealtaine 2018 |

**STAIDÉAR GNÓ**

Measúnú Rangbhunaithe 1 i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. An amlíne a leanann an scoil i gcomhair Measúnú Rangbhunaithe Gnó á Chur i nGníomh in 2018 do **Scoláirí Reatha sa Dara Bliain**

| | |
|---|---|
| Tréimhse ina gcaitheann scoláirí ceithre seachtaine ag críochnú Gnó á Chur i nGníomh | Dé Luain 12 Márta go Dé hAoine 20th Aibreán, 2018 |
| An dáta is déanaí ag múinteoirí chun tuairiscíní sealadacha a bhronnadh | Dé hAoine 27 Aibreán 2018 |
| An dáta is déanaí chun Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus chun tuairiscíní deiridh múinteora a bhronnadh | Dé hAoine 4 Bealtaine 2018 |

**EOLAÍOCHT**

Measúnú Rangbhunaithe 1 in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí. An amlíne a leanann an scoil i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe Imscrúdú Turgnamhach Sínte (ITS) in 2018 do **Scoláirí Reatha sa Dara Bliain**

| | |
|---|---|
| Tréimhse ina gcaitheann scoláirí trí seachtaine a chur i gcrích Imscrúdú Turgnamhach Sínte | Dé hAoine 20 Aibreán go Dé hAoine 18 Bealtaine, 2018 |
| An dáta is déanaí ag múinteoirí chun tuairiscíní sealadacha a bhronnadh | Déardaoin 24 Bealtaine 2018 |
| An dáta is déanaí chun Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus chun tuairiscíní deiridh múinteora a bhronnadh | Dé Luain 28 Bealtaine 2018 |


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (an SSM)

Oifig Riaracháin: Ionad Oid. Mhuineacháin | Br.Ard Mhacha | Muineachán Teil.: 047 74008
Oifig an Stiúrthóra: LMETB | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan Teil.: 042 9364603



# JC Today

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Nuachtlitir Sheirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí | Uimh. 10 Nollag 2017


## Fáilte




Dr. Pádraig Kirk

Fáilte go dtí an deichiú eagrán dár nuachtlitir, JC Today. Agus 2017 ag druidim chun deiridh bhain muid cloch mhíle eile amach ar thuras leasú na sraithe sóisearaí ar 12 Nollaig 2017 nuair a bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna an chéad leagan riamh de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar scoláirí i gColáiste Pobail na Gráinsí i mBaile Átha Cliath. Ba lá mór é seo do na scoláirí, an scoil, na múinteoirí agus na tuismitheoirí a bhí páirteach. Ba lá tábhachtach é freisin, áfach, don SSM nó b'ionann bronnadh seo an PGSS agus tabhairt chun críche a lán dár gcuid iarrachtaí go dtí seo. Mar sin féin, tá a lán oibre le déanamh fós agus tá lúchair orm gur éirigh linn dul i gceann oibre le gach iar-bhunscoil agus ionad oideachais in 2017/2018. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na múinteoirí uile a thug faoinár gcuid FGL chomh díograiseach sin go dtí seo, agus ar ndóigh le foireann iomlán SSM as ucht a gcuid iarrachtaí as cuimse chun FGL den chaighdeán is airde a thabhairt dár gcuid ceannairí scoile agus dár múinteoirí. Táimid go léir rannpháirteach faoi láthair in imeacht an-tábhachtach agus tá mé muiníneach go bhfuil an SSM ag comhlíonadh a róil go hiomlán chun cabhrú le córas nua oideachais a mhúnlú ar mhaithe le gach scoláire atá ann faoi láthair agus atá le teacht.

**An Dr. Pádraig Kirk**
*Stiúrthóir*





*An tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, ag bronnadh an chéad PGSS riamh ar scoláirí i gColáiste Pobail na Gráinsí i nDomhnach Míde, Baile Átha Cliath ar 12 Nollaig 2017.*

*Suíomh gréasáin ...*
**An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí**
**www.jct.ie**
*Tabhair spléachadh air inniu!*

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Céimeanna Sonraíochtaí Ábhar

2014-2015 — CÉIM 1
BÉARLA
Le cur ar fáil do scoláirí céad bhliana in 2014-15
Le haghaidh teistiúcháin i bhfómhar 2017

2016-2017 — CÉIM 2
EOLAÍOCHTAGUS STAIDÉAR GNÓ
Le cur ar fáil do scoláirí céad bhliana in 2016-17
Le haghaidh teistiúcháin i bhfómhar 2019

2017-2018 — CÉIM 3
GAEILGE, NUATHEANGACHA AGUS EALAÍN, CEARDAÍOCHT & DEARADH
Le cur ar fáil do scoláirí céad bhliana in 2016-17
Le haghaidh teistiúcháin i bhfómhar 2020

2018-2019 — CÉIM 4
MATA, EACNAMAÍOCHT BHAILE, STAIR, CEOL AGUS TÍREOLAÍOCHT
Le cur ar fáil do scoláirí céad bhliana in 2018-2019
Le haghaidh teistiúcháin i bhfómhar 2021

2019-2020 — CÉIM 5
ÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA, OIDEACHAS REILIGIÚNACH, AN LÉANN GIÚDACH AGUS CLASAICÍ
Le cur ar fáil do scoláirí céad bhliana in 2019-2020
Le haghaidh teistiúcháin i bhfómhar 2022

## Míle buíochas lenár gcuid Óstaigh Chnuasach Scoileanna

Is mian le SSM buíochas a ghabháil leis na scoileanna agus leis na hionaid oideachais go léir atá ag óstáil ár gcuid imeachtaí FGL do Chnuasaigh fud fad na tíre. Níl bhur sárú le fáil i dtaca leis an bhfáilte ghnaíúil atá sibh a chur romhainn agus cáilíocht bhur gcuid áiseanna agus acmhainní. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an-tóir ag na múinteoirí ar FGL a bheith á soláthar i bhfíorshuíomh an tseomra ranga.

**Lean sinn ar twitter @JCforTeachers** - *tá os cionn 10,000 leantóir anois againn, agus tá sin ag fás.*

STEAM
IN JUNIOR CYCLE



*Múinteoirí ag foghlaim faoi Shonraí Spáis agus a dtionchar ar ár saol le FEÉ/ESERO.*

Dé Sathairn, 18 Samhain, sheol Eolaíocht SM tionscnamh nua agus spreagúil FGL roghnach– ETI(E)M sa tSraith Shóisearach. Is í an fhís atá taobh thiar den tionscnamh seo ná “eispéiris shaibhre FGL in ETI(E)M a sholáthar dár gcuid múinteoirí na Sraithe Sóisearaí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr; beidh foráil sa soláthar seo le haghaidh freagraí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin na sochaí i gcomhthéacsanna atá sainiúil don ábhar agus traschuraclaim”. Tá Eolaíocht SSM ag obair i gcomhar le comhpháirtithe roghnacha i réimsí ETIM / na nEalaíon chun deich gceardlann tharraingteacha a thairiscint, ar shé cinn de Shathairn, idir Samhain 2017 agus Márta 2018. Is iad na chéad chomhpháirtithe ETI(E)M atá againn:

- Gailearaí na hEolaíochta Baile Átha Cliath,
- Fondúireacht Eolaíochta Éireann / an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais
- Spástaistil (ESERO)
- Eispéireas Biteicneolaíochta Amgen
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Cumann Zúnna agus Uisceadáin na Breataine agus na hÉireann



*Múinteoirí i mbun oibre le bitheolaithe móilíneacha agus ag plé eitic na bithfhaisnéisíochta.*

Bíodh is gur tosaíodh ar an tionscnamh seo i réimse ábhar na heolaíochta, ta rún againn ábhair eile a thabhairt isteach amach anseo. Tríd an gcur chuige idirdhisciplíneacha seo i leith FGL ETI(E)M “tiocfaidh an t-eolaí, an t-innealtóir, an fiontraí, an t-ealaíontóir agus an dearthóir le chéile chun cainte d’fhonn an rogha is leithne deiseanna agus léargas acadúil agus sochaíoch a sholáthar i gcomhair turgnamhaíochta agus nuálaíochta” (Oideachas Eolaíochta um Shaoránacht Fhreagrach Dhomhanda, Coimisiún AE, 2015, l.21). Cabhróidh sé freisin chun tacú le fíorú Ráiteas Polasaí Oideachas an ETI(E)M a ceapadh le déanaí, a mholann cuir chuige thrasdhisciplíneacha i leith oideachas ETIM agus comhpháirtíochtaí leis na healaíona.

Tá múinteoirí ar fud na tíre tar éis éirí tógtha faoi ETI(E)M. Trí staidéar a dhéanamh ar réimsí cosúil le inbhuanaitheacht, obair eolaithe agus nuáil eolaíochta, bhreathnaigh siad ar an idirghníomhú idir an eolaíocht agus an tsochaí trí phlé saibhir mar gheall ar nádúr na staide daonna. Tríd an dialóg seo, d’oibrigh múinteoirí eolaíochta i gcomhar lena chéile chun smaointe saibhre a fhorbairt i gcomhair foghlaim scoláirí a bhíonn ag plé le torthaí foghlama eolaíochta na sraithe sóisearaí, ach a fhaightear freisin i gclár oibre níos leithne ETI(E)M, rud a thugann deiseanna le haghaidh comhoibriú idirdhisciplíneach le múinteoirí ábhar eile.



*Ceisteanna Comhoibrithe – Smaointe a chomhroinnt ar Spriocanna Domhanda agus ar Inbhuanaitheacht.*

Beidh ceardlanna ETI(E)M ar siúl Dé Sathairn in ionaid oideachais agus in ionaid saincheaptha cosúil le Páirc Tayto agus Uisceadán Atlantach na Gaillimhe. Tar éis na Nollag, leanfaimid orainn le meascán de cheardlanna in ionaid oideachais agus in ionaid eile ar nós: Páirc Fiadhúlra Fota agus Gailearaí na hEolaíochta i mBaile Átha Cliath. Agus muid ag druidim i gcomhair shaoire na Nollag, ba mhaith le foireann ETI(E)M BUÍOCHAS MÓR a ghabháil leis na múinteoirí eolaíochta uile a roinn a gcuid ama agus saineolais linn don tionscnamh spreagúil seo.

# #ATS2020

Tá ár dtionscadal ATS2020 anois sa bhliain deiridh den chlár trí bliana, agus fócas ar anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí cáilíochtúla agus cainníochtúla den scéim phíolótach inscoile. Tá na pleananna beagnach i gcrích le haghaidh comhdháil idirnáisiúnta sa Bhruiséil go luath in 2018, mar a ndéanfaidh trí scoil Éireannacha, Coláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin, Coláiste Phort Laoise agus Scoil Naomh Wolstan sárthaispeántas dá dtaithí mar scoileanna tionscadail.

Tá SSM ag pleanáil comhdháil náisiúnta freisin a reáchtálfar in Óstán Theach Chill na Sí ar 6 Feabhra 2018. Díreofar le linn n a comhdhála seo ar na naisc idir tionscadal ATS2020 agus leasú na Sraithe Sóisearaí agus fiosrófar an chaoi a dtugann torthaí an tionscadail sárléiriú ar bhunphrionsabail na Sraithe Sóisearaí.

Tá lúcháir orainn a bheith ag cur fáilte roimh an saineolaí ar Ríomhphunanna, an Dr. Helen Barrett, mar dhuine de phríomhchainteoirí na comhdhála, i gcuideachta an Ollaimh Deirdre Butler, de chuid DCU, ar dhuine de na saineolaithe is mó le rá í i dtaca le forbairt príomh-scileanna san oideachas.


Déanfar tairseach ar líne a lainseáil ar an lá, tairseach a óstaíonn ábhair a chabhróidh le forbairt príomhscileanna agus le húsáid r-phunanna chun tacú le teagasc, measúnú agus foghlaim.




*Sa phictiúr ag cruinniú comhpháirtithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí in Santiago de Compostela, sa Spáinn, feictear Sinéad Tuohy (SSM), María Luz Fandino (Xunta Galicia), an Dr. Pádraig Kirk (SSM), Manuel Corredoria López (Director General de Educacion) Anastasia Economou (CPI Cyprus) agus Milagros Trigo (Príomhoide Scoile).*

# Uaireanta Bainistíochta Achmhainní agus Ceardlanna AFMÁ

Le déanaí, thug ceannairí réigiúnacha agus comhaltaí ar ár bhfoireann FGL don Scoil Uile, tacaíocht do líonra na n-ionad oideachais áitiúil chun seisiún roghnach FGL a sholáthar do mhúinteoirí ar tugadh uaireanta bainistíochta acmhainní dóibh chun an tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm de réir ciorcláin 0015/2017. Tugadh na ceardlanna seo ar bhonn náisiúnta ar fud na tíre sna tráthnónta agus is iad na hionaid oideachais áitiúla a d’eagraigh iad. Chruthaigh siad spás iontach chun smaointe a chomhroinnt agus tuiscint a dhoimhniú ar na féidearthachtaí a bhaineann le huaireanta bainistíochta acmhainní a úsáid chun cabhrú le gach gné den leasú a leabú níos daingne arís laistigh de churaclam na sraithe sóisearaí i scoileanna. Agus an chéad Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ar tí a cruthaithe agus a bheith á dáileadh ar gach scoil an Nollaig seo, is iomaí comhrá a bhí ann a thabharfadh ábhar machnaimh dúinn. Sa bhliain nua beidh SSM ag leathadh amach seisiún breise roghnach tráthnóna i dtaobh cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a éascú. Beidh an cheardlann sin dírithe ar éascaitheoirí AFMÁ sna réimsí ábhair, Béarla, staidéar gnó agus eolaíocht. Cuirfear sonraí iomlána ar fáil go luath sa bhliain úr ar **www.jct.ie**




# CEANNAIREACHT

**Ceardlann Ceannaireachta an Fhómhair:** Tá foireann ceannaireachta SSM tar éis cúig cheardlann agus dhá scór a chur díobh a tugadh fud fad na tíre i mí na Samhna 2017. Is féidir na hacmhainní le haghaidh na ceardlainne sin a íoslódáil ag: **JCT.ie/Ceannaireacht/FGL (Lá 4) Teagasc, foghlaim agus measúnú a stiúradh**. Is féidir an acmhainn seo, faoi mar atá le láithreoireachtaí eile ar shuíomh gréasáin an SSM, a íoslódáil ar do ghaireas féin agus a úsáid, mar pháirt nó go hiomlán, chun bonn eolais a chur faoi chruinnithe foirne nó faoi chruinnithe BB ar leasú na Sraithe Sóisearaí.

**Múinteoirí a chlárú le haghaidh FGL sainiúil don ábhar:** feictear thíos léaráid de na céimeanna atá le leanúint ag úsáid www.jctregistration.ie chun sonraí múinteoirí a chlárú i gcomhair FGL sainiúil don ábhar.

**Céim 1:**
- Cuir ainmneacha na múinteoirí uile sa scoil isteach ar Chlárúchán SSM

**6-8 seachtain óna chéile**

**Céim 2:**
- Seiceáil an dáta a ndúnfar an cnuasghrúpa
- Sann múinteoirí le ceardlanna sceidealaithe

**6-8 seachtain óna chéile**

**Céim 3:**
- Seiceáil ionaid a sannadh
- Priontáil amach sceideal na ceardlainne
- Cuir an sceideal faoi bhráid na foirne

**Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí:** Cruthaíodh Láithreoireacht nua do Thuismitheoirí ar féidir le scoileanna a úsáid chun príomhtheachtaireachtaí na Sraithe Sóisearaí a chur in iúl do thuismitheoirí. Is féidir é seo a rochtain ag: **JCT.ie/rannán ceannaireachta/acmhainní**. Scrollaigh síos chuig an táb Tacú le Tuismitheoirí agus gheofar an láithreoireacht ansin ina dhá chuid. Dírítear sa chéad chuid ar an scoláire agus ar an gcuraclam agus sa dara cuid scrúdaítear na hathruithe i gcúrsaí measúnaithe agus tuairiscithe. Tá a lán eolais sa chur i láthair agus is féidir na codanna ábhartha a chur in iúl do thuismitheoirí ó bhliainghrúpaí difriúla mar a mheasann an scoil is cuí.

**Ceardlann agus láithreoireacht ar uaireanta Bainistíochta:** Tá trí cheardlann is fiche tugtha ag ár gceannairí foirne den FGL don Scoil Uile ina díríodh ar chabhrú le scoileanna an úsáid is fearr a bhaint as a gcuid uaireanta bainistíochta acmhainní. Rinneadh an-fhreastal ar na ceardlanna sin agus baineadh an-tairbhe astu. Tá an láithreoireacht le fáil chun íoslódáil ar: **JCT.ie/scoil uile/FGL roghnach**




*An tAire Bruton ag caint le linn an chéad PGSS riamh a bhronnadh ar scoláirí i gColáiste Pobail na Gráinsí ar 12 Nollaig 2017. Ba gheall é bronnadh an PGSS ar scoláirí le cloch mhíle eile i bhforfheidhmiú leasú na Sraithe Sóisearaí i scoileanna.*